

Tearmann Éanna

– Tearmann don Aosach

Peigí Uí Chéidigh

Is i dtús na nóchaidí a cuireadh tús le Coiste na nAosach/Tearmann Ainnín agus le himeacht ama bunaíodh an comhlacht Tearmann Éanna Teo. le seirbhísí den scoth agus d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'aoisigh agus d'easláin an cheantair. Is eagraíocht dheonach Tearmann Éanna Teo. ar a bhfuil Bord Stiúrtha de dheichniúr stiúrthóirí agus beirt bhall coiste ag feidhmiú go deonach. Tá muid ag brath go hiomlán ar mhaoiniú agus ar dhea-thoil na n-eagraíochtaí stáit cuí leis na seirbhísí a chothú agus a chur chun cinn don Aosach. Tá tríocha a dó Teach Sóisialta, Ionad Lae, Ionad Sláinte agus Aireagal Phóil, lena mbaineann naoi n-árasán, tógtha go dtí seo ag Tearmann Éanna Teo.

Mar chuid den obair fhorbartha atá idir lámha ag Tearmann Éanna Teo., rinneadh cinneadh go ndéanfaí roinnt oibre in earnáil an oideachais le freastal ar riachtanais oideachais na nAosach ní hamháin i gCois Fharraige ach ar fud Chonamara agus Oileáin Árann. Cuireadh traenáil agus oiliúint ar fáil d'ochtár ó chuile cheard de Chonamara le scileanna áisitheoireachta a bhaint amach dóibh féin agus le go mbeadh ar ár gcumas an clár 'Aosú le Muinín' a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge d'aoisigh an cheantair seo.

I dtosach báire d'éirigh linn ábhar an chúrsa ar fad a aistriú go Gaeilge leis na deiseanna agus na cearta céanna oideachais a bheith ar fáil d'aoisigh na Gaeltachta atá ar fáil d'aoisigh i gceantracha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is i gcomhar leis an eagraíocht Age and Opportunity a reáchtáladh an cúrsa. Is é aidhm an chlár 'Aosú le Muinín', ina bhfuil ocht seisiún ina iomláine, cuidiú agus éascaíocht a sholáthar do dhaoine le scrúdú a dhéanamh ar a gcuid aosachta féin agus eolas a chur ar fáil faoi ghnéithe fisiciúla, síceolaíocha agus sóisialta a bhaineann le haoisacht, féinmhuinín a chothú agus a chaomhnú agus fiúntas agus sult a bhaint as na blianta amach romhainn.

Tá Tearmann Éanna Teo. ag súil go mór le tús a chur le sraith cláracha 'Aosú le Muinín' i mí Meán



Fómhair na bliana seo, i gcomhar leis na háisitheoirí agus le tacaíocht na bpáirtneirí: An Coiste Gairmoideachais, Údarás na Gaeltachta agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

Nóta buíochais: Ar an 29 Meitheamh 2011, d'éirigh an tAthair Mícheál Ó Flannabhra as mar Chathaoirleach ar Thearmann Éanna Teo. Gabhann muid buíochas ó chroí leis an Athair

Mícheál as an tseirbhís fhada atá tugtha aige don Bhord Stiúrtha agus an dúthracht a léirigh sé ag cuidiú le haoisigh agus le heasláin an cheantair agus as ucht a stuaim agus a chuid iarrachtaí ar fad le cur le líon agus le caighdeán na seirbhísí dóibh.

In 2010 chinn Bord Stiúrtha Thearmann Éanna Teo. cuireadh a thabhairt do dhaoine a raibh spéis agus saineolas faoi leith acu in earnáil na n-aosach, ar mhaithe le forbairt ar na seirbhísí dóibh agus a gcur chun cinn.

Ag cruinniú i mí Bealtaine 2011, toghadh oifigigh nua ar Bhord Stiúrtha Thearmann Éanna Teo. Seo thíos liosta d'oifigigh, de stiúrthóirí agus de bhaill coiste Thearmann Éanna:

Máire Ní Chéidigh (Cathaoirleach), Sórcha Nic Dhonncha (Leas-Chathaoirleach), Peadar Mac an Iomaire (Rúnai), Aodán Mac Donncha (Oifigeach Staidéar Féidireachtaí agus Comh-Chisteoir) Katie Uí Chualáin (Comh-Chisteoir), an tAthair Mícheál Ó Flannabhra, Pádraic Willie Ó Fatharta, Máire Áine Nic Dhonnacha, Máire Bhreathnach, Máire Denvir, Morgan Ó Conchubhair, Máirín Bhreathnach (Ball Coiste), Caitlín Uí Fhatharta (Ball Coiste).

'Ní Neart go cur le chéile'

* * *